Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10539/1/23**
**REV 1**

**SOC 438**
**EMPL 305**
**SAN 369**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair<br>Ceapachán Martin RÖHRICH, comhalta don tSeicia, in ionad Jiří PUTNA, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Jiří PUTNA éirithe as bheith ina chomhalta den Choiste thuasluaite i gcatagóir ionadaithe na bhfostóirí (don tSeicia).

2. Faoi Airteagal 3 de Chinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair,[1] is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha.

[1] IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag rialtas na Seicia le teacht in ionad an chomhalta atá ag éirí as oifig, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 28 Feabhra 2025:

Martin RÖHRICH
Cónaidhm Cheardchumainn Fhostóirí agus Fhiontraithe Phoblacht na Seice
Václavské nám 21
113 60 Praha 1
Poblacht na Seice
Teil: +420 602 582 996
seoladh ríomhphoist: martin.rohrich@rohrich.cz

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair a ghlacadh mar mhír ‘A’, agus

(b) an Cinneadh a fhoilsiú mar fhaisnéis in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

Dréacht-Chinneadh ón gComhairle

an

lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta

den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003[2] lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinntí uaithi an 24 Feabhra 2022[3] agus an 29 Márta 2022[4], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse dar críoch an 28 Feabhra 2025.

(2) Tá suíochán comhalta i gcatagóir ionadaithe na bhfostóirí tagtha chun bheith folamh ó tharla gur éirigh Jiří PUTNA as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na Seicia don suíochán folamh.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[2] IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.
[3] IO C 92, 25.2.2022, lch. 1.
[4] IO C 143, 31.3.2022, lch. 3

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Martin RÖHRICH ina chomhalta den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair in ionad Jiří PUTNA ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 28 Feabhra 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán